# Foirm Iarratais ar Chead / Cheadú i ndáil le Forbairt ar Bhonneagar Straitéiseach

**1.**

| | |
|---|---|
| Sonraigh le do thoil an fhoráil reachtúil faoina bhfuil an t-iarratas á dhéanamh: | An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) alt 37E |

**2. Iarratasóir:**

| | |
|---|---|
| Ainm an Iarratasóra: | Cloghercor Wind Farm Limited |
| Seoladh: | Urlár 5,<br>Ceathrú na Cathrach,<br>Cé an Lapaigh,<br>Corcaigh |
| Uimhir Theileafóin: | +353 21 422 3600 |
| Seoladh ríomhphoist (más ann): | info@cloghercorwindfarm.com |

### 3. Sa chás gur cuideachta an tIarratasóir (arna clárú faoi Achtanna na gCuideachtaí):

| | |
|---|---|
| Ainm(neacha) stiúrthóir(í) na cuideachta: | Kevin McCarthy<br>Kieran White<br>TJ Hunter<br>Andrew Mullins |
| Seoladh Cláraithe (na cuideachta): | Urlár 5, Ceathrú na Cathrach, Cé an Lapaigh, Corcaigh |
| Uimhir Chláraithe na Cuideachta: | 699640 |
| Uimhir Theileafóin: | +353 21 422 3600 |
| Seoladh ríomhphoist (más ann): | info@cloghercorwindfarm.com |

### 4. Duine / Gníomhaire ag ionadú thar ceann an Iarratasóra (más ann):

| | |
|---|---|
| Ainm: | John Staunton ó TOBIN Consulting Engineers |
| Seoladh: | Bloc 10-4 Páirc Chorparáideach Bhaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 |
| Uimhir Theileafóin: | (0)1 803 0401 |
| Uimhir Fón Póca (más ann): | n/bh |
| Seoladh ríomhphoist (más ann): | john.staunton@tobin.ie |

| |
|---|
| **Ar chóir gach comhfhreagras a sheoladh chuig an seoladh thuas? (Cuir tic sa bhosca cuí le do thoil)**<br><br>(Tabhair ar aird le do thoil go seolfar gach comhfhreagras chuig seoladh an Iarratasóra más 'Níor chóir' an freagra) |
| Ba chóir: [ **X** ] Níor chóir:[ ] |

| |
|---|
| Ainm an Teagmhálaí agus Mionsonraí Teagmhála (Uimhir Theileafóin) chun iontráil ar an láithreán a shocrú más gá / cuí:<br><br>Eamon Hutton (Ørsted), Urlár 5, Ceathrú na Cathrach, Cé an Lapaigh, Corcaigh<br><br>+353 21 422 3600<br><br>info@cloghercorwindfarm.com |

**5. An té atá freagrach as na Líníochtaí agus na Pleananna a dhéanamh:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Michael Nolan & Eoghan Beggs |
| Gnóthas / Cuideachta: | TOBIN Consulting Engineers |
| Seoladh: | Bloc 10-4 Páirc Chorparáideach Bhaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 |
| Uimhir Theileafóin: | (0)1 803 0401 |
| Uimhir Fón Póca: | n/bh |
| Seoladh ríomhphoist (más ann): | eoghan.beggs@tobin.ie<br>michael.nolan@tobin.ie |
| Mionsonraí de na pleananna / líníochtaí arna seoladh isteach – teideal na bpleananna / líníochtaí, scála agus líon na gcóipeanna a cuireadh isteach. Féadfar é seo a chur isteach mar sceideal ar leithligh in éineacht leis an bhfoirm iarratais.<br><br>Tá sceideal líníochtaí san áireamh in Aguisín 1 den fhoirm iarratais seo. Tá 2 chóip chrua agus 8 gcóip leictreonacha curtha isteach cheana, de réir cheanglais an Bhoird Pleanála. | |

## 6. An Láithreán:

| | |
|---|---|
| Seoladh Láithreán / Shuíomh na Forbartha atá Beartaithe (ab fhearr a thaispeánfadh an talamh nó an struchtúr áirithe) | Na bailte fearainn Clochar an Chuilinn; an Clochar Corr; Doire Luacháin; Achadh Dhíobhóg; Cashelreagh Glebe; an Darnaigh; an Droim Ard; agus Droim na Croise, Co. Dhún na nGall. |
| Uimhir Thagartha Léarscáile Suirbhéireachta Ordanáis (agus an Tagairt Eangaí mas cuí) | Lárphointe an phríomhshuímh = 585495, 901881<br>Limistéar Bhealach Seachadadh Tuirbíní 1 = 579253, 891283<br>Limistéar Bhealach Seachadadh Tuirbíní 2 = 584191, 880208<br>Limistéar Bhealach Seachadadh Tuirbíní 3 = 573466, 879181<br>Limistéar Bhealach Seachadadh Tuirbíní 4 = 574606, 878758<br>Limistéar Bhealach Seachadadh Tuirbíní 5 = 575192, 876176 |
| Déan teorainn an láithreáin iarratais a sholáthar, má tá sé ar fáil, mar a thaispeántar é ar na pleananna / líníochtaí a cuireadh isteach, i bhfoirm chruthchomhaid ESRI i gcóras tagartha comhordanáidí Thrasteilgean Mercator na hÉireann (ITM IRENET95). Nó is féidir comhad CAD i bhfoirmáid .dwg a sholáthar agus an chéimseata a bheith tagartha don ITM. | |
| Achar an láithreáin ina heicteáir lena mbaineann an t iarratas | heicteár<br>225.41 ha |
| Criosú an láithreáin sa Phlean Forbartha don cheantar: | Athrú Uimh. 2 do Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018 – 2024 maidir le Creat Beartais le haghaidh Fuinneamh Ghaoithe: “Ní Cheadaítear de Ghnáth”<br>Limistéar Bhealach Seachadadh Tuirbíní 2: Na Frosa, Baile Shraith 3 (Léarscáil 15.39) “Teorainn Lonnaíochta”<br>Tá Limistéir Bhealach Seachadadh Tuirbíní 1, 3, 4 & 5 lonnaithe ar thalamh nach talamh chriosaithe í. |
| Úsáid an láithreáin faoi láthair agus an úsáid atá beartaithe | Úsáid Reatha: Foraoiseacht, talamh portaigh & talmhaíocht fhairsing. Tá crann meitéareolaíochta ar an suíomh cheana féin. Le haghaidh limistéar oibre na mbealaí seachadta tuirbíní, úsáidtear bóithre agus imill bhóithre, agus talmhaíocht.<br>Úsáid Bheartaithe: Forbairt an fhuinnimh in-athnuaite - Feirm ghaoithe lena n-áirítear fo stáisiún 110 kV agus nasc leis an eangach |

| | |
|---|---|
| | náisiúnta. Áirítear sa togra freisin conair fóntas ar chúiseanna áineasa. |
| Ainm an Údaráis Phleanála a bhfuil an láithreán suite ina limistéar feidhme: | Comhairle Contae Dhún na nGall |

**7. Leas Dlíthiúil an Iarratasóra i ndáil leis an láithreán is ábhar don iarratas:**

| | | |
|---|---|---|
| Cuir tic sa bhosca cuí le do thoil chun leas dlíthiúil an Iarratasóra sa talamh nó sa struchtúr a thaispeáint: | Úinéir | Áititheoir |
| | Eile X | |
| Sa chás gur "Eile" an leas dlíthiúil, tabhair breis eolais, le do thoil, ar an leas atá agat sa talamh nó sa struchtúr. | | |
| Úinéirí talún príobháideacha tríú páirtí - Tá réamhchonarthaí i bhfeidhm leis na húinéirí ábhartha talún a thagann faoi réir an iarratais pleanála seo. Tá litreacha toilithe na n-úinéirí talún le fáil in Aguisín 2 den fhoirm iarratais seo. | | |
| **Mura tú an úinéir dlíthiúil,** tabhair ainm agus seoladh an úinéara agus soláthair litir thoilithe ón úinéir don iarratas a dhéanamh mar atá liostaithe sa cháipéisíocht faoi iamh. | | |
| Príomhshuíomh<br>• Coillte, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin<br>• Finbarr & Cara McLoughlan, Teach Cookstown, Ceanannas, Co. na Mí<br>• Cairn Investment Company Limited, Sunlea, Bóthar na Dúcharraige, Co. Chorcaí<br>• David Barron, Carrowbawn, Áth na Fuinseoige, Co. Chill Mhantáin<br>• David Thompson, An Clochar, Na Gleannta, Co. Dhún na nGall<br>Bealach Seachadta Tuirbíní<br>• Derek Henry, An Darnaigh, An Bhroclais, Co. Dhún na nGall<br>• Patrick & Betty Johnston, Five Points, Na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall<br>• Gregory McCracken, An Bhroclais, Co. Dhún na nGall<br>• Seamus Molloy, Droim na Croise, Na Gleannta, Co. Dhún na nGall<br>• Paul & Mary Rouiller, The Evergreens, Achadh Dhíobhóg, Na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall<br>• Michael & Mary Thomas, Achadh Dhíobhóg, Na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall | | |
| An leis an iarratasóir aon talamh tadhlach nó críochantach leis nó teorantach leis nó an bhfuil leas tairbhiúil aige / aici ann? Sa chás sin, taispeáin na tailte agus abair an leas atá iontu. | | |
| Is leis. Féach na líníochtaí de shuíomh an láithreáin atá leis an iarratas pleanála seo a léiríonn teorainn na líne goirme ina bhfuil na tailte atá faoi rialú an iarratasóra nó úinéara | | |

| |
|---|
| na talún atá i gceist san iarratas seo. Tá teorainn na líne goirme le feiceáil sna líníochtaí seo a leanas: 10798-2000, 10798-2001 & 10798-2002. |

**8. Stair an Láithreáin:**

| **Mionsonraí maidir le stair an láithreáin (más eol):** |
|---|
| An raibh an láithreán atá i gceist faoi uisce riamh, go bhfios duit?<br><br>Bhí: [ ] Níl: [**X**]<br><br>Más 'Bhí', tabhair mionsonraí le do thoil, m.sh bliain, méid:<br><br>Go bhfios duit, ar baineadh úsáidí ar bith eile as an láithreán roimhe seo m.sh. dumpáil nó cairéalú?<br><br>Tá: [ ] Níl: [**X**]<br><br>Más 'tá', tabhair mionsonraí le do thoil: |

| **Go bhfios duit, an ndearnadh aon iarratas pleanála bailí roimhe seo i dtaca leis an talamh / struchtúr seo?** | | |
|---|---|---|
| Tá: [ **X** ]  Níl: [  ] | | |
| Más 'tá', tabhair uimhir thagartha / uimhreacha tagartha an chláir phleanála a bhaineann leis / leo | | |
| **Uimh. Thag. an Chláir:** | **An Cineál Forbartha atá Beartaithe** | **Cineál chinneadh críochnaitheach an Bhoird Phleanála – Ceadú nó Diúltú** |
| 20/50720;<br>ABP-308008-20 | Iarratas ar Chrann Meitéareolaíoch 100M | Deonaithe agus 6 choinníoll i gceist leis |
| | | |
| | | |
| | | |
| Más rud é go ndearnadh iarratas bailí ar phleanáil i ndáil leis an talamh / struchtúr seo sa tréimhse sé mhí sula ndearnadh an t-iarratas seo, ní mór aon fhógra láithreáin a bheith ar chúlra buí de réir Alt 19(4) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 arna leasú. | | |
| **An bhfuil láithreán an togra faoi réir achomharc chuig an mBord Pleanála i ndáil le forbairt chomhchosúil?** | | |
| Tá: ☐  Níl: ■<br><br>Más 'tá', tabhair sonraí le do thoil<br><br>Uimhir thagartha an Bhoird Phleanála: ____________________________ | | |

## 9. Cur síos ar an bhForbairt atá Beartaithe:

| | |
|---|---|
| Cur síos achomair ar chineál agus ar mhéid na forbartha | Cuimsítear na nithe seo leanas san fhorbairt atá beartaithe:<br><br>• 19 tuirbín gaoithe a thógáil le hairde iomlán ó thalamh go barr rinn lainne de réimse idir 185m agus 200m san áireamh. Beidh trastomhas rótair ag na tuirbíní gaoithe idir 149m agus 155m san áireamh agus airde moil idir 112m agus 125m san áireamh, agus na bunsraitheanna agus láithreacha cruasheastán gaolmhara a bhaineann le gach tuirbín ar leith;<br>• Bealach isteach nua chuig an suíomh a thógáil le rochtain ar an mbóthar áitiúil L6483 don chéim tógála (trácht cothabhála amháin le linn na céime oibríochta), agus bealach isteach foraoise ceadaithe (Tag. Pleanála 1951040) chuig an L6483 a úsáid mar bhealach isteach eile le linn na céime tógála;<br>• Feabhsúcháin agus coigeartuithe sealadacha a dhéanamh i 4 áit in aice leis an mbóthar poiblí chun seachadadh ualaí neamhghnácha agus seachadadh tuirbíní a éascú ar an R262 agus N56 sna bailte fearainn seo a leanas: an Drom Ard; an Darnaigh; Cashelreagh Glebe; agus Achadh Dhíobhóg, Co. Dhún na nGall.<br>• Láthair shealadach cruasheastáin a thógáil chun feidhmiú mar áit aistrithe lanna chun seachadadh tuirbíní a éascú, le rochtain ghaolmhar chuig agus ón mbóthar poiblí R262 sa bhaile fearainn Droim na Croise;<br>• Príomhshuíomh tógála sealadach amháin (1) le hoifigí suímh shealadacha ghaolmhara, limistéir pháirceála agus fálú slándála;<br>• Suiteáil crann meitéareolaíochta amháin (1) a bheidh 100 méadar ar airde;<br>• Ceithre (4) shloc soláthair a fhorbairt ar an láthair;<br>• Tógáil bóithre rochtana inmheánacha buana nua, uasghrádú ar bhóithre rochtana inmheánacha atá ann cheana, lena n-áirítear bánna pasála agus an bonneagar draenála uile lena mbaineann;<br>• Forbairt líonra inmheánach draenála suímh agus córais rialaithe dríodair;<br>• Tógáil fostáisiún leictreach buan 110 kV amháin (1) lena n-áirítear:<br>    ○ Foirgneamh rialaithe EirGrid amháin (1) ina mbeidh saoráidí leasa oibrithe agus stóras trealaimh;<br>    ○ Foirgneamh rialaithe amháin (1) de chuid Táirgeoir Neamhspleách Cumhachta ina mbeidh seomra lasacháin ardvoltais, oifigí suímh, áiseanna cistine, seomra stórais agus leithris.<br>    ○ Gach gléasra agus bonneagar leictreach agus trealamh a bhaineann le seirbhísí coimhdeacha don eangach;<br>    ○ Páirceáil;<br>    ○ Soilsiú;<br>    ○ Fálú Slándála;<br>    ○ Umar coinneála fuíolluisce;<br>    ○ Trealamh bailithe báistí; |

| | |
|---|---|
| | ○ An bonneagar agus seirbhísí gaolmhara go léir, lena n-áirítear oibreacha suímh agus comharthaíocht;<br>• Na cáblaí leictreacha agus cumarsáide faoi thalamh uile a nascann na tuirbíní gaoithe le fostáisiún na feirme gaoithe;<br>• Na hoibreacha go léir a bhaineann le nasc buan na feirme gaoithe beartaithe leis an eangach náisiúnta leictreachais a dhéanamh agus a chuimsíonn cábla 110 kV faoi thalamh i nduchtanna cábla (thart ar 4.1km de chábla i dtrinsí faoi thalamh feadh thart ar 3.36km de bhóthar suímh) chuig an líne lastuas 110kV atá ann cheana i mbaile fearainn an Clochar Corr, Co. Dhún na nGall, agus dhá (2) chrann cruach arda laitíse deiridh 16m agus 21m ag gach comhéadan;<br>• 13 thacar cuaillí adhmaid atá ann cheana agus crann laitíse cruach uillinne amháin (1) a bhaint de idir an dá (2) chrann deiridh comhéadain nua atá beartaithe;<br>• Dhá (2) thrasnán sruthchúrsa ar bhealach an naisc leis an eangach;<br>• Gach obair forbartha láithreáin agus forbairt choimhdeach lena n-áirítear beirmeacha, tírdhreachtú, fálú agus tochailt ithreach.<br>• Leagan foraoise chun tógáil agus oibriú na forbartha beartaithe agus athphlandú foraoise ar an suíomh a éascú;<br>• Carrchlós buan poiblí ina mbeidh suíochánra/boird phicnice a fhorbairt ag deireadh céim thógála na forbartha agus bealach isteach nua a chur ar an L6483;<br>• Áiseanna áineasa buana lena n-áirítear conairí siúil marcáilte feadh na bóithre rochtana suímh, agus an chomharthaíocht ghaolmhar áineasa agus fóillíochta; agus<br>• Tá an t-iarratas seo ag lorg cead deich mbliana agus tréimhse oibriúcháin 35 bliain ó dháta coimisiúnaithe iomlán na feirme gaoithe ar fad.<br><br>Tá Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (TMTT) agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) ag gabháil leis an iarratas seo. |

**10. I gcás forbartha measctha (m.sh. cónaitheach, tráchtála, tionsclaíoch srl), tabhair miondealú ar na haicmí éagsúla forbartha agus miondealú ar oll-achar urláir gach aicme forbartha:**

| Aicme Forbartha | Oll-Achar Urláir ina m² |
|---|---|
| n/bh | n/bh |
| | |
| | |
| | |
| | |

**11. I gcás iarratais a bhaineann le foirgneamh nó le foirgnimh:**

| | |
|---|---|
| Oll-spás urláir aon fhoirgnimh atá ann cheana ina $m^2$ | **n/bh** |
| Oll-spás urláir oibreacha atá beartaithe ina $m^2$ | Campún Fostáisiúin: 2 x Foirgneamh, spás urláir beartaithe 750m2 ar an iomlán (Foirgneamh Rialaithe Eirgrid agus Foirgneamh an IPP (Táirgeoir Neamhspleách Cumhachta)). |
| Oll-spás urláir obair lena coinneáil ina $m^2$ (más iomchuí) | **n/bh** |
| Oll-spás urláir aon scartála ina $m^2$ (más iomchuí) | **n/bh** |

**12. I gcás forbartha cónaithe, soláthair miondealú le do thoil ar na cineálacha áitreabh:**

| **An Líon** | **Stiúideonna** | **1 Leaba** | **2 Leaba** | **3 Leaba** | **4 Leaba** | **4 + Leaba** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tithe | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh |
| Árasán | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh |
| An líon áiteanna páirceála lena soláthar | | Ann cheana féin: n/bh | | | Beartaithe: n/bh | Iomlán: n/bh | |

**13. Tithíocht Shóisialta:**

| **Cuir tic sa bhosca cuí le do thoil:** | **Is ea** | **Ní hea** |
|---|---|---|
| An iarratas ar chead le forbairt a dhéanamh lena mbeidh feidhm ag Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, atá i gceist? | | X |

Más é “is ea” an freagra ar an gceist thuas agus mura forbairt dhíolmhaithe é an fhorbairt (féach thíos), ní mór duit sonraí a sholáthar, mar chuid de d’iarratas, maidir leis an tslí a bheartaíonn tú alt 96 de Chuid V den Acht a chomhlíonadh.

Más é “is ea” an freagra ar an gceist thuas ach go measann tú gur forbairt dhíolmhaithe é de bhua alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, ní mór cóip den Deimhniú Díolúine faoi alt 97 a chur isteach (nó, i gcás iarratais ar dheimhniú díolúine a rinneadh ach nár cinneadh fós, cóip den iarratas a chur isteach).

Más é “ní hea” an freagra ar an gceist thuas de bhua alt 96 (13) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, ba chóir sonraí a léiríonn an bonn ar a meastar go mbaineann alt 96 (13) leis an bhforbairt a chur isteach

## 14. Sa chás go dtagraíonn iarratas d'athrú ábhartha úsáide aon talún nó struchtúir nó d'athrú ábhartha úsáide den chinéal a choinneáil:

| |
|---|
| Úsáid atá ann faoi láthair (nó úsáid roimhe seo sa chás go bhfuil cead coinneála á lorg) |
| Is é talmhaíocht, talamh portaigh, foraoiseacht agus tomhas gaoithe an úsáid reatha a bhaintear as suíomh na feirme gaoithe beartaithe. Tá an ghné den fhorbairt bheartaithe a bhaineann le bealach na heangaí lonnaithe laistigh de shuíomh na feirme gaoithe beartaithe. Tá na huasghráduithe sealadacha beartaithe feadh an mbealach seachadta tuirbíní ar an mbóthar poiblí nó in aice leis an mbóthar poiblí, ar thalamh thalmhaíochta nó ar imill bhóithre. |
| An úsáid atá beartaithe (nó an úsáid atá beartaithe a choinneáil) |
| Forbairt um Fhuinnimh Inathnuaite – Feirm Ghaoithe a fhorbairt chun leictreachas a tháirgeadh; cuimseofar inti úsáid áineasa, nasc leis an eangach chun leictreachas a chur ar an eangach náisiúnta, agus oibreacha cóiríochta sealadacha chun seachadadh comhpháirteanna tuirbíní a cheadú. |
| Cineál agus méid úsáide den sórt atá beartaithe (nó den úsáid atá beartaithe a choinneáil). |
| Forbairt um fhuinnimh in-athnuaite a chuimsíonn 19 dtuirbín gaoithe, láithreacha cruasheastáin agus cosáin rochtana, fostáisiún 110 Kv agus bonneagar coimhdeach. Conair fóntas agus comharthaíocht ghaolmhar agus áiseanna páirceála ar chúiseanna áineasa ag suíomh na feirme gaoithe. Nasc leis an eangach a dhéanfar trí nasc le cábla lúbtha 110 kV faoi thalamh (thart ar 4.1km de chábla i dtrinsí faoi thalamh feadh thart ar 3.36km de bhóthar suímh) chuig an líne lastuas 110kV atá ann cheana i mbaile fearainn an Clochar Corr, Co. Dhún na nGall, agus dhá (2) chrann laitíse arda cruach 16m agus 21m ag gach comhéadan bpointe. Oibreacha cóiríochta sealadacha ag pointí éagsúla ar an mbealach seachadta chun seachadadh comhpháirteanna tuirbíní a cheadú, ar achar suímh 225.41 heicteár. |

## 15. Mionsonraí Forbartha:

| Cuir tic sa bhosca cuí le do thoil: | Más 'tá' an freagra, tabhair mionsonraí le do thoil: | TÁ | NÍL |
|---|---|---|---|
| An bhfuil sé i gceist leis an bhforbairt atá beartaithe iomlán nó cuid de Struchtúr Cosanta / Struchtúir Chosanta a scartáil? | | | X |
| An bhfuil sé i gceist leis an bhforbairt atá beartaithe obair a dhéanamh ar Struchtúr Cosanta nó ar a chúirtealáiste nó ar Struchtúr Cosanta atá beartaithe nó ar a chúirtealáiste? | | | X |
| An bhfuil sé i gceist leis an bhforbairt atá beartaithe obair a dhéanamh ar thaobh amuigh struchtúr atá suite taobh istigh de limistéar caomhantais ailtireachta (ACA)? | | | X |

| | | |
|---|---|---|
| An bhfuil baint ag an iarratas le forbairt a mbeidh tionchar aici ar shéadchomhartha nó ar ionad atá taifeadta faoi Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú),1994 nó a bheidh ina chóngaracht. | | **X** |
| An bhfuil baint ag an iarratas le hobair taobh istigh de nó cóngarach do Láithreán Eorpach nó do Limistéar Oidhreachta Nádúrtha? | **X**<br>( Limistéar Oidhreachta Nádúrtha na Míne Móire Thiar & Limistéar faoi Chosaint Speisialta Siar ó Ard an Rátha/Bóthar an Aifrinn) | |
| An mbeidh Tuairisc Measúnaithe faoin Tionchar ar an gComhshaol riachtanach i leith na forbartha atá beartaithe? | **X** | |
| An measann tú gur dócha go mbeidh tionchair shuntasacha ar an gcomhshaol i stát trasteorann de thoradh na forbartha atá beartaithe? | **X** | |
| An measann tú gur dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha trasteorann ag an bhforbairt atá beartaithe ar an gcomhshaol? | | **X** |
| An bhfuil baint ag an iarratas le forbairt ghníomhaíocht nó chun críocha gníomhaíochta a mbeidh ceadúnais um chosc agus rialú comhtháite ar thruailliú de dhíth uirthi? | | **X** |
| An bhfuil baint ag an iarratas le forbairt ghníomhaíocht nó chun críocha gníomhaíochta a mbeidh ceadúnais dramhaíola de dhíth uirthi? | | **X** |
| An mbeidh feidhm ag na Rialacháin um Mórthionóiscí maidir leis an bhforbairt atá beartaithe? | | **X** |
| An bhfuil baint ag an iarratas le forbairt i gCrios Forbartha Straitéisí? | | **X** |
| An bhfuil sé i gceist leis an bhforbairt aon teach ináitrithe a scartáil? | | **X** |

**16. Seirbhísí:**

**Foinse Sholáthair Uisce atá Beartaithe:**

Ceangal atá ann cheana féin: [ ] Ceangal nua: [ ]

Príomhchóras Poiblí: [ ] Grúpscéim Uisce: [ ] Tobar Príobháideach: [ ]

Eile (sonraigh le do thoil):

Ólfaidh an fhoireann uisce ó bhuidéil agus ó thancaeir a thabharfar chuig an suíomh le linn na céime tógála. Gheofar an t-uisce neamh-inólta a úsáidfear i bhfoirgneamh an fhostáisiúin (leithris, etc.) trí bháisteach a bhailiú.

______________________________________________________

Ainm na Grúpscéime Uisce (más cuí):

______________________________________________________

**Bainistiú / Cóireáil Fuíolluisce atá Beartaithe:**

Ann cheana féin: [ ] Nua:[ ]

Séarach Poiblí: [ ] Gnáthchóras umair mhúnlaigh: [ ]

Córas eile cóireála ar an láthair: [ **X** ] Sonraigh le do thoil:

Úsáidfear Portaloo-anna le linn na céime tógála agus beidh siad lonnaithe sna campúin thógála. Déanfar bailitheoir dramhaíola ceadaithe fuíolluisce a iompar ón suíomh chuig ionad cóireála fuíolluisce. Stórálfar fuíolluisce ó shaoráidí leasa foirne sa champún fostáisiúin atá beartaithe in umar stórála séalaithe agus iompróidh bailitheoir dramhaíola ceadúnaithe ón suíomh é chuig ionad cóireála fuíolluisce.

____________________________________________

**Córas Diúscartha Uisce Dromchla atá Beartaithe:**

Séarach Poiblí / Draein: [ ] Sloc súite:[ ]

Sruthchúrsa: [ ] Eile: [**X** ] Sonraigh le do thoil:

Córas draenála rialaithe idirleata beartaithe. Leagtar amach sonraí cuimsitheacha a bhaineann le cúrsaí draenála ar an suíomh seo go sonrach sna líníochtaí a ghabhann leis an iarratas seo agus laistigh de Chaibidil 2 den Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (EIAR) a ghabhann leis freisin.

**17. Fógraí:**

| Mionsonraí den fhógra nuachtáin phoiblí – nuachtá(i)n agus dáta(í) a fhoilsithe / bhfoilsithe |
|---|
| Donegal Democrat – 9 Márta 2023<br>Irish Independent – 8 Márta 2023<br><br>Cóip de leathanach / leathanaigh iomchuí faoi iamh Tá: [**X**] Níl:[ ] |
| Mionsonraí den fhógra láithreáin, más ann, - suíomh agus dáta ar cuireadh suas é. |
| Cóip den fhógra láithreáin faoi iamh Tá: [**X**] Níl:[ ]<br><br>Tá 11 bhfógra suímh ar an iomlán ag suíomh beartaithe na feirme gaoithe agus feadh an bhealaigh seachadta tuirbíní atá beartaithe, áit a bhfuil oibreacha cóiríochta sealadacha ag teastáil. Léirítear suíomhanna na bhfógraí suímh sna Líníochtaí seo a leanas:<br>10798-2000, 10798-2001, 10798-2002<br><br>Dáta ar cuireadh suas an fógra suímh: 10 Márta 2023 |
| Sonraí mar gheall ar fhoirmeacha eile fhógra poiblí, más cuí, m.sh. suíomh idirlín |
| Tá teacht ar eolas poiblí ar shuíomh gréasáin an tionscadail :<br>https://cloghercorwindfarm.com/<br><br>Suíomh gréasáin agus doiciméid, líníochtaí agus tuarascálacha :<br>cloghercorwindfarmplanning.com<br><br>Tá sceideal comhairliúcháin san áireamh in Aguisín 3 den iarratas pleanála seo. |

**18. Comhairliúchán réamhiarratais:**

| **Dáta(í) comhairliúchán réamhiarratais reachtúil leis an mBord Pleanála** |
|---|

**Sceideal comhairliúchán réamhiarratais – ainm an duine / chomhlachta agus dáta an chomhairliúcháin lena soláthar mar is cuí agus mionsonraí freisin d'aon chomhairliúchán poiblí i.e. modhanna, dátaí, ionaid srl. Féadfar é seo a chur isteach mar sceideal ar leithligh in éineacht leis an bhfoirm iarratais.**

Faoi iamh:
Reáchtáladh cruinnithe comhairliúcháin réamhiarratais idir an tIarratasóir agus an Bord Pleanála ar an 8 Nollaig 2021 agus ar an 13 Meán Fómhair 2022. Tá sonraí maidir leis an gcomhairliúchán ar fáil in Aguisín 3 den iarratas pleanála seo. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an gcomhairliúchán ar fáil i gCaibidil 1 den EIAR agus tá Tuarascáil maidir leis an gComhairliúchán Pobail le fáil i Aguisín 1.5 den EIAR.

Tá: [**X**] Níl:[ ]

Sceideal na gcomhlachtaí forordaithe ar cuireadh fógra faoi dhéanamh an iarratais chucu agus cóip shamplach den fhógra sin.

Faoi iamh:

Sceideal de chomhlachtaí forordaithe dá seoladh fógra go raibh an t-iarratas á dhéanamh agus tá cóip de na fógraí curtha seo san áireamh in Aguisín 4 den fhoirm iarratais seo ar chead pleanála.

Faoi iamh: Féach sceideal de chomhlachtaí forordaithe faoi cheangal in Aguisín 4.

Tá: [**X**] Níl:[ ]

## 19. Fógra Daingniúcháin

| Cóip den Fhógra Daingniúcháin |
|---|
| Cuir cóip leis seo den fhógra daingniúcháin maidir leis an Tairseach EIA má tá EIAR mar chuid den iarratas.<br><br>Tá deimhniúchán Tairseach EIA istigh le hAguisín 5 den fhoirm phleanála seo.<br><br>Uimhir Aitheantais Tairseach EIA 2023033 |

## 20. Táille Iarratais:

| | |
|---|---|
| Táille Iníoctha | €100,000.00<br>Tá cruthúnas íocaíochta istigh le hAguisín 6 den fhoirm phleanála seo. |

**Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm seo fíor agus beacht de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim agus gurb ionann na foirmeacha iarratais atá á bhfágáil ag oifigí an údaráis phleanála, agus ag aon áit eile arna sonrú ag an mBord le linn comhairliúchán réamhiarratais, lena n-áirítear láithreán gréasáin (más ann), agus na foirmeacha iarratais atá á bhfágáil ag an mBord.**

| | |
|---|---|
| Síniú<br>(Iarratasóir nó Gníomhaire mar is cuí) | <br>Dr. John Staunton, TOBIN Consulting Engineers<br>(Seoladh curtha ar fáil i gCeist 4) |
| Dáta: | 09/03/2023 |

## Nóta Treorach Ginearálta:

Beidh raon agus formáid ábhair a mbeidh gá lena thiomsú / lena in-iamh le haon iarratas ar fhorbairt ar bhonneagair straitéiseach a bheidh beartaithe ag teacht go ginearálta le riachtanais iarratais ar phleanáil mar atá leagtha amach sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 go dtí 2018 agus ba chóir na rialacháin sin a bhreathnú sula gcuirfear iarratas ar bith isteach.

Meán Fómhair 2018